Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2018
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0224(COD)**
**2018/0225(COD)**
**2018/0226(NLE)**

**10656/2/18**
**REV 2**

**RECH 306**
**COMPET 490**
**ATO 41**
**IND 185**
**MI 503**
**EDUC 275**
**TELECOM 207**
**ENER 258**
**ENV 480**
**REGIO 52**
**AGRI 322**
**TRANS 299**
**SAN 212**
**CADREFIN 133**
**CODEC 1197**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9865/18 + ADD 1<br>9870/18 + ADD 1<br>9871/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus le leathadh<br>Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena ndéantar Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme<br>– Comhairliúchán roghnach le Coiste na Réigiún<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht<br>– Comhairliúchán roghnach le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1] |

[1] Is chun críche cinneadh a dhéanamh maidir le dul i gcomhairle le hinstitiúid eile/comhlacht eile é an nóta seo, agus chun na críche sin amháin, agus ní maidir le substaint an togra.

1. Ar an 7 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún na tograí thuasluaite faoi bhráid na Comhairle:

   a) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear '**Fís Eorpach** – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh'[1]

   b) Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an g**clár sonrach** a bhunú lena ndéantar 'Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht', a chur chun feidhme[2]

   c) Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear **Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach** don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[3]

2. Is bunaithe ar "Tionscal" agus ar "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagail 173 agus 182, 183 agus 188), ar Teidil ó CFAE iad, atá an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach.

3. Is bunaithe ar "Tionscal" agus ar "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagal 173 agus Airteagal 182), ar Teidil ó CFAE iad, atá an togra le haghaidh Cinneadh lena mbunaítear an Clár Sonrach lena ndéanfar Fís Eorpach a chur chun feidhme.

4. Is bunaithe ar Airteagal 4 agus ar Airteagal 7 de Chonradh Euratom atá an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

---

[1] 9865/18 + ADD 1.
[2] 9870/18 + ADD 1.
[3] 9871/18 + ADD 1.

5. Leis na nósanna imeachta chun an Clár Réime agus an clár sonrach a ghlacadh déantar foráil go rachfar i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ní éilítear Tuairim ó Choiste na Réigiún. Ba cheart a mheabhrú, áfach, go ndeachthas i gcomhairle le Coiste na Réigiún i ndáil leis an togra maidir le Fís 2020 agus lena clár sonrach[4]. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, dhealródh sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún maidir leis na tograí reatha.

6. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Chonradh Euratom, glacfaidh an Chomhairle d'aon toil an clár taighde agus oiliúna don Chomhphobal. Mar sin de, ní éilítear tuairimí ó na hinstitiúidí ná ó na comhlachtaí eile. Ba cheart a mheabhrú, áfach, go ndeachthas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir leis na tograí a thagann faoi scáth Fhís 2020[5]. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, dhealródh sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir leis an togra reatha.

7. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 19(7)(h) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún, le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, faoi seach, maidir leis na tograí thuasluaite agus a iarraidh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt a luaithe is féidir.

---

[4] IO L 277, lch. 143, an 13 Meán Fómhair 2012.

[5] IO C 436, lch. 76 an 24 Samhain 2016, tuairim ó Pharlaimint na hEorpa agus IO C 181, lch. 111 an 21 Meitheamh 2012, tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.